Meitheamh 2006

inou

Eagraíocht Náisiúnta na hÉireann do Dhaoine Dífhostaithe

# Bíodh do Chearta Leasa ar eolas agat

## An t-eolas atá de dhíth ort agus tú dífhostaithe

**Is féidir leis an gcóras Leasa Shóisialaigh mearbhall a chur ar dhaoine atá díreach tar éis post a chailliúint. Seo a leanas buntreoir duit faoina gcaitheann a bheith ar eolas agat agus faoina gcaitheann tú a dhéanamh nuair a dhífhostaítear thú.**

## Eolas Tosaigh ar an Leas Sóisialach

Má chailleann tú do phost ba chóir duit teagmháil a dhéanamh leis an Oifig áitiúil Leasa Shóisialaigh láithreach áit is féidir leat iarratas a dhéanamh ar Shochar Dífhostaíochta (UB) nó ar Chúnamh Dífhostaíochta (UA). Tá sé sin ríthábhachtach mar dá mbeadh moill ort agus éileamh á dhéanamh agat d'fhéadfá íocaíocht a chailliúint. Tá seoladh na hOifige áitiúla Leasa Shóisialaigh le fáil i leathanaigh uaine an eolaire gutháin. Is iad Sochar Dífhostaíochta (UB) agus Cúnamh Dífhostaíochta (UA) an dá phríomhíocaíocht dífhostaíochta. Le cáiliú don dá chineál íocaíochta ní mór duit:

- Bheith i do chónaí i bPoblacht na hÉireann
- Bheith faoi bhun 66 agus os cionn 16 bliana d'aois le cáiliú do Shochar Dífhostaíochta agus bheith 18 mbliana d'aois nó níos sine le cáiliú do Chúnamh Dífhostaíochta
- Bheith dífhostaithe ar feadh 3 lá ar a laghad as 6 lá as a chéile
- Bheith ar fáil d'obair lánaimseartha, bheith in ann d'obair lánaimseartha agus bheith ar a tóir i ndáiríre

## Bheith ar fáil d'obair lánaimseartha, bheith in ann d'obair lánaimseartha agus bheith ar a tóir i ndáiríre

D'fhonn a bheith cáilithe do UA nó UB, agus d'fhonn UA nó UB a fháil go leanúnach, ní mór duit a bheith ar thóir oibre lánaimseartha i ndáiríre agus a bheith ar fáil chun tabhairt fúithi. Is éard a chiallaíonn an reachtaíocht maidir le bheith ar Thóir Oibre i nDáiríre nár mhór duit bheith toilteanach glacadh le haon tairiscint réasúnach fostaíochta agus/nó oiliúna. Aon tairiscint réasúnach ar fhostaíocht, ba chóir dó, ar an gcéad dul síos, bheith oiriúnach do do scileanna, cáilíochtaí agus taithí (féach freisin an Seicliosta ar an leathanach cúil).

Téigh i dteagmháil leis an INOU nó leis an Ionad Acmhainne Áitiúil má mheasann tú go bhfuiltear ag caitheamh go míchothrom leat.

## Sochar Dífhostaíochta (UB)

Bíonn do theidlíocht i leith UB bunaithe ar líon na ranníocaíochtaí (ar a dtugtaí stampaí) ábhartha íoctha nó creidiúnaithe ÁSPC atá agat. Is féidir ranníocaíochtaí ÁSPC a íoc (agus tú ag obair) nó a chreidiúnú (agus tú cláraithe ar an Tabhall Beo).

**Bíonn tú i dteideal Sochair Dhífhostaíochta sa chás:**

- Gur chaill tú do chuid fostaíochta aon lae amháin ar a laghad agus gur chaill tú ioncam
- Go bhfuil 52 seachtain de ranníocaíochtaí ÁSPC agat ó thosaigh tú ag obair

**agus**

- Go bhfuil 39 seachtain de ranníocaíochtaí íoctha nó creidiúnaithe ÁSPC agat sa Bhliain Ábhartha Chánach*

**nó**

- Go bhfuil 26 seachtain de ranníocaíochtaí ÁSPC agat sa Bhliain Ábhartha Chánach*

**agus**

Go bhfuil 26 seachtain de ranníocaíochtaí íoctha ÁSPC agat sa Bhliain Chánach roimh an mBliain Ábhartha Chánach*

▷ D'fhéadfá cáiliú athuair do Shochar Dífhostaíochta (UB) má d'íoc tú 13 ranníocaíocht ón uair a chríochnaigh an t-éileamh deiridh UB a rinne tú (sa chás gur úsáid tú do Shochar ar fad). Chun eolas níos mine a fháil air seo déan teagmháil leis an INOU.

Beidh an méid a gheobhaidh tú ar UB bunaithe ar do mheán-olltuilleamh seachtainiúil. Beidh tú i dteideal ráta iomlán UB má bhí do phá seachtainiúil sa bhliain ábhartha chánach/ranníoca* €150 ar a laghad.

** Déantar an bhliain ábhartha chánach/ranníoca a chinneadh bunaithe ar do chuid ranníocaíochtaí sa bhliain chánach dhá bhliain roimh an mbliain dá bhfuil tú ag déanamh éilimh ar íocaíocht dífhostaíochta. Mar shampla, agus an t-éileamh ar UB á dhéanamh agat in 2006, is í an bhliain ábhartha chánach/ranníoca ná 2004. Cinneann líon na ranníocaíochtaí íoctha nó creidiúnaithe a rinne tú in 2004 do chuid teidlíochtaí UB agus do ráta íoca UB in 2006.*

## Do chuid íocaíochtaí a bhailiú

Go seachtainiúil a íoctar UB agus UA. Is féidir leat an íocaíocht a fháil:

- in Oifig an Phoist
- le Seic nó Íoctha díreach isteach i do chuntas Bainc

Má bhíonn aon deacracht agat le d'íocaíocht a fháil déan teagmháil leis an INOU nó leis an Ionad Acmhainne áitiúil.

## – Uas-rátaí Íoca 2006 –

| | Cúnamh Dífhostaíochta | Sochar Dífhostaíochta |
|---|---|---|
| Ráta Pearsanta | €165.80 | €165.80 |
| Ráta do Dhuine Fásta Cáilithe | €110.00 | €110.00 |
| Ráta do gach Leanbh Cleithiúnach | € 16.80 | € 16.80 |
| Leath-Ráta do gach Leanbh Cleithiúnach | € 8.40 | € 8.40 |

## Cúnamh Dífhostaíochta (UA)

Mura bhfuil dóthain ranníocaíochtaí ÁSPC agat le cáiliú d'íocaíocht UB, d'fhéadfá bheith i dteideal UA sa chás:

- go gcomhlíonann tú tástáil maoine
- go gcomhlíonann tú riail maidir le Gnáth-áit Chónaithe

### Tástáil Maoine

Agus éileamh á phróiseáil, glactar na nithe seo a leanas san áireamh sa tástáil maoine:

- Ioncam Airgid Thirim
- Caipiteal
- Maoin
- Sochar agus Pribhléid

Glacfar d'ioncam airgid thirim ar fad, nach mór, san áireamh. Tá roinnt eisceachtaí ann cosúil le Sochar Linbh agus Forlíonadh Cíosa nó Úis Mhorgáiste. D'fhéadfá bheith i dteideal suim áirithe airgid a thuilleamh ó fhostaíocht íoctha sula gcuireann sé isteach ar d'íocaíocht. Glaotar neamhaird ioncaim air sin. Is féidir luach aon mhaoine, *seachas do theach cónaithe féin*, infheistíochtaí, coigiltí agus caipitil a mheas sa tástáil maoine. Is éard is Sochar agus Pribhléid ann ná measúnú ar an sochar a bhaintear as bheith ag cónaí le tuismitheoirí. Chun eolas níos mine a fháil air seo déan teagmháil leis an INOU.

Braithfidh do theidlíocht i leith íocaíocht UA ar mhaoin ioncaim. Braithfidh ráta seachtainiúil d'íocaíocht UA ar do mhaoin chomh maith.

☛ Ba chóir duit taifead a choinneáil ar ráitis nó cuntais bhainc mar go bhféadfaí iad a iarraidh.

### Gnáth-áit Chónaithe – UA amháin

De ghnáth comhlíonfaidh iarratasóir a bhí in Éirinn go dlíthiúil le 2 bhliain nó níos faide, a oibríonn in Éirinn agus a bhfuil rún socraithe aige/aici fanacht in Éirinn agus buanchónaí a dhéanamh inti an coinníoll maidir le gnáth-áit chónaithe. D'fhéadfadh athrú teacht air seo. Chun eolas cothrom le dáta a fháil air seo déan teagmháil leis an INOU.

Ó mhí na Samhna 2005 ar aghaidh, saoránaigh de chuid an AE a bhí ag obair in Éirinn agus nach gcomhlíonann na critéir maidir le Gnáth-áit Chónaithe, *d'fhéadfaidís* bheith in ann buníocaíocht Liúntais Fhorlíontaigh Leasa (SWA) agus Forlíonadh Cíosa a fháil ach: ● iad a bheith fostaithe in Éirinn, ● a bpost a bheith caillte acu, *agus* coinníollacha ábhartha cáiliúcháin eile do SWA a chomhlíonadh.

Déanfar gach iarratas a mheas ar a fhiúntas féin.

**Déan teagmháil le:**

- INOU, An Rannóg um Chearta Leasa nó an tIonad Acmhainne áitiúil má tá ceisteanna agat i dtaobh cearta leasa.

✆ Teileafón 01-856 0088.

✉ Seoladh Ríomhphoist: welfareinfo@inou.ie.

## Creidmheasanna nó Ranníocaíochtaí Creidúnaithe ÁSPC

Má dhífhostaítear tú, ba chóir duit clárú do Chreidmheasanna má rinne tú ranníocaíochtaí ÁSPC sa tréimhse dhá bhliain roimhe sin. Is éard is creidmheasanna ann ná ranníocaíochtaí árachais shóisialaigh a chuideoidh le do theidlíochtaí árachais shóisialaigh (e.g. Pinsin) a chosaint sna tréimhsí sin nach mbíonn ar do chumas ranníocaíochtaí a dhéanamh.

☛ Tá creidmheasanna an-tábhachtach i gcinntiú go mbíonn tú cáilithe d'íocaíochtaí cosúil le pinsin.

Mura bhfuil ranníocaíochtaí ÁSPC agat sa tréimhse dhá bhliain roimh do dhífhostú, ní féidir leat clárú do chreidmheasanna.

## Sochair Thánaisteacha

Is éard is Sochair Thánaisteacha ann ná sochair a d'fhéadfadh a bheith ag dul duit de thoradh UB, UA nó SWA a bheith á fháil agat.

Má tá UB, UA nó SWA á fháil agat d'fhéadfá bheith i dteideal:

☛ **Ó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (HSE) áitiúil** (an Bord Sláinte roimhe seo)

- Forlíonadh Úis Mhorgáiste/Cíosa
- Cárta Leighis/Cárta Coinne Dochtúra
- An Liúntas Éadaí agus Bróg um Fhilleadh ar Scoil
- Forlíonadh Bia-aiste

☛ **Ón Oifig áitiúil Leasa Shóisialaigh**

- Bónas na Nollag

  (Ní íoctar an bónas seo má bhíonn tú ag fáil UB nó má bhíonn tú ag fáil UA ar feadh tréimhse níos lú ná 15 mhí)
- Liúntas Breosla

  (Ní íoctar an bónas seo má bhíonn tú ag fáil UB nó má bhíonn tú ag fáil UA ar feadh tréimhse níos lú ná 15 mhí)
- Liúntas Breosla saor ó Dheatach

☛ **Ón Údarás áitiúil**

- Cíos Difreálach
- An Scéim um Chóiríocht ar Cíos (RAS)

*Mhaoinigh an Crannchur Náisiúnta an foilseachán seo tríd an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta.*

## Seicliosta ✔

– **Nithe a chaitheann tú a dhéanamh nuair a dhífhostaítear thú**

✔ Déan iarratas ar UB nó UA chuig Oifig áitiúil an Leasa Shóisialaigh a luaithe agus a dhífhostaítear thú.

✔ Ba chóir duit clárú le FÁS agus cuideoidh siad leat post a lorg.

✔ Má bhíonn tú i dteideal UB nó UA, d'fhéadfá bheith i dteideal íocaíocht Liúntais Fhorlíontaigh Leasa (SWA) ón Oifigeach Leasa Phobail in Ionad Sláinte Áitiúil an HSE. D'fhéadfadh go mbainfeadh sé sin leatsa mar oibrí de chuid an AE nach gcomhlíonann riail na Gnáth-áite cónaithe.

Mura bhfuil tú i dteideal UB nó UA ba chóir duit clárú leis an Oifig áitiúil Leasa Shóisialaigh le haghaidh creidmheasanna.

– **Nithe a chaitheann tú a dhéanamh agus éileamh á dhéanamh agat**

✔ Mura bhfuil tú i dteideal UB d'fhéadfá bheith i dteideal íocaíocht UA bunaithe ar thástáil maoine.

✔ Agus an t-éileamh á dhéanamh agat, beidh ort fianaise aitheantais a thabhairt leat (Pas, Ceadúnas Tiomána nó Teastas Breithe) agus fianaise ar do sheoladh (bille tí cosúil le ESB, ráiteas bainc nó cáipéis chánach).

✔ Beidh ort do P45 nó litir ó d'fhostóir a luann an dáta a chríochnaigh tú leis an obair a thabhairt leat. Ach litir a bheith agat ó d'fhostóir a mhíníonn na cúiseanna ar cuireadh deireadh le do phost, d'fhéadfaí dlús a chur le d'éileamh.

✔ Má tá tú ag déanamh iarratais ar Shochar Dífhostaíochta beidh ort do P60 a thabhairt leat freisin.

– **Do UB nó UA a choinneáil**

D'fhonn UB nó UA a fháil (nó leanúint ar aghaidh á fháil), ní mór na ceanglais seo a leanas a chomhlíonadh:

✔ Ní mór duit a bheith ar thóir oibre i ndáiríre agus a bheith ar fáil chun tabhairt faoi obair lánaimseartha. Iarrtar fianaise ar do chuid iarrachtaí maidir le post a lorg. Coinnigh taifead ar gach litir a sheol tú chuig fostóir nó a fuair tú uathu, lena n-áirítear ríomhphoist, glaonna gutháin, fógráin ó nuachtáin agus aon fhianaise eile ar do chuid iarrachtaí maidir le post a lorg.

✔ Ní mór duit an Roinn a chur ar an eolas (e.g. tríd an Oifig áitiúil Leasa Shóisialaigh) i dtaca le haon athrú ar do chúinsí pearsanta. Má théann do chúinsí pearsanta in olcas d'fhéadfá bheith i dteideal cúnaimh bhreise.

**INOU, Teach Araby, 8 Sráid Richmond Thuaidh, Baile Átha Cliath 1.**

✆ 01-856 0088 ✉ welfareinfo@inou.ie

01-856 0090 web www.inou.ie